Mo cheol thú! Mo cheol sibh (Simplí)



1. Lá amháin, bhí mé ar scoil agus chonaic mé fógra ar an bhalla. Bhí grúpa traidisiúnta **ag teacht le chéile** gach Luan agus gach Céadaoin ag am lóin agus tar éis na scoile. **Shocraigh** mé ar dhul ann.

2. Tar éis na scoile, ar a cúig a chlog, bhuail mé le ceoltóirí eile sa scoil. Thaitin na daoine sa ghrúpa go mór liom, agus bhí an chraic go hiontach.



3. Chaith mé a lán ama **ag cleachtadh port** nua. Obair chrua a bhí ann, ach is aoibhinn liom an ceol. Bhí mé sásta an obair a dhéanamh mar is **cailín díograiseach** mé!



4. Chuaigh muid chuig Fleá an Chontae agus bhain muid an chéad áit. Ansin, chuaigh muid chuig Fleá an Chúige agus arís, bhain muid an **comórtas**. Bhí na **moltóirí** iontach sásta linn.

5. Sa samhradh, bhí Fleá Cheoil na hÉireann **ar siúl** i Leitir Ceanainn. Chuaigh mé féin agus mo chairde ón scoil agus bhain muid an-sult as. **Ghlac muid páirt** i gCeolchoirm na mBuaiteoirí

6. Nuair a tháinig muid abhaile, **mhol** an príomhoide muid. Chuir muid seisiún ceoil ar siúl sa halla. Bhí an áit **dubh le daoine**. Dúirt sé gur bua stairiúil é!